An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne

Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2013

AN GHNÍOMHAIREACHT
NÁISIÚNTA BAINNE

AN GHNÍOMHAIREACHT
NÁISIÚNTA **BAINNE**

Bhunaigh an tOireachtas an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne le soláthar bainne chun óil sa Stát a rialáil mar a leagtar amach san Acht Bainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Donncha Ó Murchú
Cathaoirleach

Chuig: An tUas. Simon Coveney TD, An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara

Is áthas liom Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne a chur faoi do bhráid le haghaidh 2013, i gcomhréir le hAlt 18 den Acht (Soláthar a Rialáil) Bainne, 1994.

An Geilleagar Náisiúnta

Tháinig fás os cionn 3 faoin gcéad ar an ngeilleagar náisiúnta an bhliain seo caite, rud a bhí léirithe ag an bhfás ar líon na ndaoine fostaithe sa gheilleagar. Tháinig laghdú ar chaitheamh pearsanta de réir mar a laghdaigh ioncam indiúscartha na ndaoine, agus d'atreoigh teaghlaigh a gcaiteachas chun leibhéal iomarcach féich phearsanta a laghdú.

D'éirigh an Stát as Clár an AE/CIA tar éis don Rialtas riachtanais an Chláir a chur i bhfeidhm go rathúil, agus mhéadaigh sé seo agus dálaí feabhsaithe eacnamaíocha muinín an mhargaidh as acmhainneacht creidmheasa an Stáit, rud a chuir ar chumas an Stáit agus na mbanc baile teacht ar mhaoiniú margaidh arís ar rátaí fabhracha.

Ach beidh gá le dul chun cinn breise maidir le fadhbanna fioscacha agus baincéireachta, laghduithe ar fhéichiúnas poiblí agus príobháideach, feabhsuithe ar tháirgiúlacht agus ar iomaíochas an gheilleagair, fás breise eacnamaíoch agus fostaíocht mhéadaithe ar mhaithe le téarnamh marthanach eacnamaíoch.

Earnálacha Feirmeoireachta/ Déiríochta

Tháinig fás 8 faoin gcéad ar an aschur comhlán talmhaíochta in 2013, agus é ag tarlú go príomha mar gheall ar an méadú 27 faoin gcéad ar aschur bainne. Bhí costais arda ionchuir, rudaí a bhí ann mar gheall ar úsáid mhéadaithe cothaithe, praghsanna cothaithe níos airde agus méadú ar leagan leasacháin, bhí siad seo ag baint le gach fiontar féaraigh anuraidh. Tháinig fás beag ar ioncam feirmeacha teaghlaigh i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Ba bhliain thar a bheith rathúil í an bhliain seo caite in earnáil déiríochta na hÉireann in ainneoin drochaimsir earraigh a chuir moill ar thosú na séasúr innilte agus bailithe sadhlais go dtí deireadh mhí na Bealtaine, cás ba chúis leis an ngéarchéim náisiúnta farae. Chiallaigh an ghéarchéim seo gur ghá soláthairtí farae gan fasach a allmhairiú, agus maolaíodh a gcostais siúd ar tháirgeoirí trí thionscnaimh agus gníomhartha a bhí déanta ag próiseálaithe agus le fóirdheontais iompair an Rialtais.

In ainneoin drochthús a bheith leis an mbliain, bhí sé mar thoradh ar dhálaí táirgthe sármhaithe i lár agus ag deireadh an tséasúir gur tháinig méadú beagnach 4 faoin gcéad ar sholáthairtí bliantúla baile bainne go 5,420 milliún lítear, méid arbh ionann é agus an méid ba mhó a taifeadadh riamh.

Tháinig feabhas mór ar na margaí onnmhairithe déiríochta mar gheall ar easnaimh dhomhanda sholáthair bainne agus éileamh láidir, rud a chiallaigh gur tháinig méaduithe móra ar phraghsanna bainne do tháirgeoirí i rith phríomhshéasúr an táirgthe.

Onnmhairítear breis is 85 faoin gcéad de tháirgeadh déiríochta na hÉireann, agus tá teacht ag Éirinn ar bhreis is nócha tír ar fud an domhain dá táirgí déiríochta, agus téann aon trian de luach na n-onnmhairí déiríochta taobh amuigh den AE. Tháinig méadú 15 faoin gcéad ar luach onnmhairí déiríochta na hÉireann go €3 bhilliún den chéad uair anuraidh.

Tháinig méadú 7 cent in aghaidh an lítir ar an bpraghas bliantúil meánach do tháirgeoirí ar sholáthairtí bainne déantúsaíochta, nó 22 faoin gcéad go 38 cent in aghaidh an lítir, praghas arbh é an méid ba mhó riamh, gan CBL san áireamh, ar bhainne ina bhfuil 3.39% próitéin agus 3.94% saill ime.

Bhí sé mar thoradh ar an méadú ar phraghsanna bainne agus ar aschur bainne in aghaidh an heicteáir

gur tháinig méadú 32 faoin gcéad ar an luach aschur comhlán bainne in aghaidh an heicteáir d'fheirmeacha déiríochta in 2013.

Bhí an deichiú céim d'íocaíocht phréimhe déiríochta an AE ar 3.65 cent in aghaidh an lítir curtha san áireamh san Íocaíocht Aonair Feirme, rud a íocadh leis na faighteoirí cáilithe go léir i nDeireadh Fómhair.

Bhí costais dhíreacha i bhfad níos airde ar fheirmeacha déiríochta anuraidh, ar aon dul le fiontair féaraigh eile, agus méadú measta 16 faoin gcéad ag teacht orthu, mar gheall ar úsáid mhéadaithe cothaithe agus farae ar phraghsanna níos airde agus úsáid mhéadaithe leasacháin.

D'éirigh le luach méadaithe an aschuir bhainne in aghaidh an heicteáir na costais mhéadaithe seo a fhritháireamh go héasca, agus bhí méadú 31 faoin gcéad ar an ioncam meánach feirm dhéiríochta theaghlaigh mar gheall air seo, i gcomparáid le 2012, agus é gar do bhuaic stairiúil 2011.

Ar an margadh baile, tháinig méadú beag ar úsáid an bhainne úir agus ar an bpraghas meánach miondíola bainne, rud ar tháinig méadú measta 1 cent amháin in aghaidh an lítir nó aon faoin gcéad air.

Tá an foirmiú praghais ar sholáthar bainne a phróiseáiltear le haghaidh úsáid leachtach ar an margadh baile beagnach go hiomlán bunaithe anois ar na praghsanna míosúla ar bhainne déantúsaíochta a fhaightear ó mhargaí onnmhairithe, le luachshocrú eilimintí comhshuímh bainne agus dreasachtaí praghais do sholáthairtí conraithe i rith mhíonna an gheimhridh.

Tháinig méadú beagnach 5 cent in aghaidh an lítir nó 14 faoin gcéad ar phraghas bliantúil meánach an bhainne a phróiseáiltear le haghaidh úsáid leachtach, agus é tar éis méadú go dtí an praghas is mó riamh, is é sin, 39 cent in aghaidh an lítir, gan CBL san áireamh.

Thit an difreálach idir na praghsanna bliantúla meánacha ar sholáthairtí bainne leachtaigh agus déantúsaíochta go méid is lú ná 1 cent in aghaidh an lítir, cé gur beag an t-athrú a tháinig ar na préimheanna bliantúla meánacha dreasachta a íocadh ar sholáthairtí bainne geimhridh idir 2012 agus 2013.

Cé go bhfuair táirgeoirí cláraithe praghsanna bainne a bhí níos airde ná riamh agus gur bhain siad leas as an nascacht le praghsanna bainne déantúsaíochta a bhí á dtiomáint ag onnmhairí, is dídhreasacht é an laghdú ar an difreálach bliantúil meánach praghais ar sholáthairtí bainne ar feadh na bliana go léir i gcomparáid le soláthairtí séasúracha déantúsaíochta go méid is lú na 1 cent in aghaidh an lítir, méid arb é an ceann is ísle riamh, is dídhreasacht é do tháirgeoirí cláraithe leanúint de sholáthairtí bainne ar feadh na bliana go léir.

Cuireann táirgeoirí cláraithe beagnach 50% dá soláthairtí bliantúla bainne ar fáil don earnáil déantúsaíochta bainne ar an meán cheana féin.

Tá cuid mhaith táirgeoirí cláraithe ag athbhreithniú na dtairbhí eacnamaíocha a bhaineann le soláthairtí a tháirgeadh ar feadh na bliana go léir don mhargadh baile bainne úir, agus deireadh le teacht le cuótaí bainne an AE in Aibreán 2015, i gcomparáid leis an rogha eile atá ann soláthairtí méadaithe a tháirgeadh go séasúrach do mhargaí onnmhairithe ar chostas aonaid níos ísle i gcóras táirgthe amháin.

I gcás na bpróiseálaithe chomh maith, tá a rannpháirtíocht leanúnach siúd sa mhargadh baile bainne úir ag éirí neamh-inbhuanaithe go méadaitheach i gcomparáid le deiseanna eile margadh onnmhairithe. Tá athstruchtúrú agus cuíchóiriú ar siúl i measc próiseálaithe go leanúnach.

Tá sé mar thoradh ar iomaíocht ghéar praghsanna i measc miondíoltóirí go fóill go bhfuil laghdú mór ar fháltais margadh baile.

Margadh an Bhainne Úir

Is é margadh an bhainne úir in Éirinn an margadh tomhaltais is mó le haghaidh bainne agus táirgí bainne sa Stát, agus bhí luach measta miondíola €531 milliún air in 2013.

Tháinig méadú 0.4 faoin gcéad ar úsáid an bhainne úir sa mhargadh baile, go dtí 565 milliún lítear.

Tá an úsáid 0.34 lítear bainne úir in aghaidh an duine in aghaidh an lae sa Stát ar an dara ráta is airde san AE agus beagnach dúbailt mheán an AE.

Measadh gurbh é an praghas meánach náisiúnta miondíola ar bhainne úr i ngach sórt pacáiste in 2013 ná 94 cent in aghaidh an lítir, agus is méadú 1c/l nó 1% é seo i gcomparáid le 2012.

Tá fás ag teacht go fóill ar an éileamh i measc thomhaltóirí na hÉireann ar bhainní beagmhéathrais agus bearrtha, agus b'ionann na táirgí seo agus beagnach 40 faoin gcéad d'iomlán na ndíolachán bainne úir.

Is ionann allmhairí bainne úir ó Thuaisceart Éireann i bpacáistí tomhaltais agus mar bhulc-bhainne a

phróiseáiltear le haghaidh úsáid leachtach, arb ionann iad agus beagnach 146 milliún lítear, is ionann iad go fóill agus breis is ceann amháin de gach ceithre lítear bainne úir a úsáidtear sa Stát.

Trádáil Chóir sa Slabhra Soláthair Grósaeireachta

D'fhoilsigh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta an Bille um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014 i mí an Mhárta 2014. Tá an Bille ceaptha le cothroime a chinntiú idir miondíoltóirí agus soláthraithe san earnáil earraí grósaeireachta, áit nach bhfuil éagothroime sa chumhacht mhargála idir na rannpháirtithe chun leas an phobail maidir le poist, tomhaltóirí ná bia inbhuanaithe sábháilte.

Bunóidh an Bille an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) agus tabharfaidh sé cumhacht don Aire Rialacháin a dhéanamh maidir le nósanna imeachta is gá a leanúint i gcaidreamh tráchtála idir miondíoltóirí agus soláthraithe san earnáil earraí grósaeireachta.

Chinn an tAire go mbeadh Rialacháin níos iomchuí ná Cód Cleachtais, ós rud é go mbeadh feidhm iomlán reachtúil ag a leithéid de Rialacháin agus d'fhéadfaidís a bheith forfheidhmithe de réir dlí ag an CICT, rud a mbeidh cumhachtaí suntasacha imscrúdaithe agus forfheidhmithe aige i gcásanna go sárófaí na Rialacháin. Beidh sé de cheart ag páirtithe atá míshásta le teip gnóthas earraí grósaeireachta cloí leis na Rialacháin caingean a thionscnamh chun cúiteamh a fháil sa Chúirt Chuarda.

Beidh na Rialacháin ceaptha le cleachtais áirithe a rialáil, ach ní shocróidh siad praghsanna sa slabhra soláthair grósaeireachta, rudaí a fhanfaidh mar cheisteanna idirbheartaíochta tráchtála idir na páirtithe conarthacha. Beidh na Rialacháin dírithe ar chleachtais áirithe a chosc, amhail athrú aontaobhach conarthaí ag miondíoltóirí, 'airgead láithreach' a bheith á lorg chun spás a fháil ar sheilfeanna ollmhargaí, tabhairt ar sholáthraithe costas phromóisin na miondíoltóirí a íoc, nó íoc as cur amú nó crapadh.

Cuireann an Ghníomhaireacht fáilte roimh an mBille nua, rud ar chóir dó cumhacht mhargála soláthraithe a neartú sa slabhra soláthair grósaeireachta, cé nach gcuirfidh sé cosc ar dhíol "faoi bhun costais", rud a dhéanann dochar do na páirtithe leasmhara go léir sa slabhra soláthair.

Dearcadh Amach Anseo

Tá ionchais mheántéarma na margaí domhanda déiríochta go maith, agus súil leis go spreagfaidh fás ar dhaonra agus ioncam an domhain leibhéil láidre éilimh ar tháirgí déiríochta.

Cé go bhfuil cuma mhaith go fóill in 2014 ar an margadh do tháirgí déiríochta a onnmhairítear, tá soláthairtí méadaithe táirgí ar mhargaí an domhain ag laghdú praghsanna idirnáisiúnta táirgí déiríochta agus praghsanna bainne a íoctar le táirgeoirí faoi láthair.

Beidh ré nua spreagúil agus dhúshlánach i ndán d'earnáil déiríochta na hÉireann nuair a chuirfear deireadh le cuótaí bainne an AE in Aibreán 2015. Den chéad uair ó 1984, beidh cead ag earnáil déiríochta na hÉireann fás chomh mór agus is féidir léi á rannpháirtithe earnáil déiríochta na hÉireann ag méadú agus ag infheistiú chun an fás tuartha 50% ar sholáthairtí bainne faoi 2020 a tháirgeadh, a phróiseáil, a mhargú agus a dhíol, rudaí a bheidh á ndíol i margaí méadaitheacha onnmhairithe. Is dóchúil go mbeidh luaineacht mhór praghsanna sna margaí onnmhairithe seo mar gheall ar neamhréireanna tréimhsiúla idir an soláthar agus an t-éileamh domhanda ar earraí déiríochta.

Agus í mar náisiún mór onnmhairithe déiríochta, tá gá ag Éirinn chomh maith le margadh láidir beoga baile do tháirgí déiríochta inar chóir go mbeadh bainne úr ardchaighdeáin mar tháirge fíorcháiliúil, agus é curtha ar fáil ag táirgeoirí dúchasacha.

Ní féidir soláthairtí ar feadh na bliana go léir a chinntiú don mhargadh baile bainne úir ach trí dhreasachtaí praghais imleoir do tháirgeoirí cláraithe bainne, rud a spreagfaidh iad chun soláthairtí bainne a tháirgeadh ar feadh na bliana go léir.

Cláir

I mbliain bainne 2012/13, cláraíodh 1,883 conradh soláthair bainne leis an nGníomhaireacht maidir le 455 milliún lítear bainne a próiseáladh le haghaidh úsáid leachtach. B'ionann seo agus laghdú 53 conradh ar an líon a cláraíodh an bhliain roimhe sin, chomh maith le méadú 20 milliún lítear ar sholáthairtí bainne cláraithe.

B'ionann líon na bpróiseálaithe cláraithe agus 15 go fóill, líon a chuimsíonn trí phróiseálaí atá mar tháirgeoirí chomh maith. Cé gur cumascadh dhá phróiseálaí i rith

na bliana, tá siad cláraithe mar phróiseálaithe ar leith leis an nGníomhaireacht go fóill.

Conarthaí

B'ionann conarthaí soláthair bainne Ar Feadh Na Bliana Go Léir (AFBGL) agus an príomhchineál conartha, agus tháinig méadú 55 ar a líon go 1,769 conradh, méid a chuimsigh soláthairtí 449 milliún lítear bainne agus b'ionann iad agus 94% de na conarthaí go léir agus 99% de na soláthairtí bainne cláraithe.

Tháinig méadú 2 chonradh ar líon na gconarthaí geimhridh go 114 conradh, agus b'ionann iad agus 6% de na conarthaí go léir agus 1% de na soláthairtí bainne.

Bhí soláthairtí bainne a ceannaíodh faoi chonarthaí cláraithe in 2013 8% níos airde ná díolacháin bainne úir, mar gheall ar shocruithe ceannaigh idirthréimhsigh go príomha.

Sna conarthaí AFBGL, is é an Córas Praghas Bainne Déantúsaíochta móide Bónas an príomhchóras praghsála bainne faoi láthair le haghaidh soláthairtí bainne don mhargadh bainne úir agus cuireadh i bhfeidhm é i 86% de na conarthaí AFBGL agus 87% de na soláthairtí bainne AFBGL, i gcomparáid le 82% de na conarthaí agus 81% de na soláthairtí bainne sa bhliain bainne roimhe sin.

Cuireadh Córas an Phraghais Chomhréidh i bhfeidhm i 14% de na conarthaí AFBGL agus i 13% de na soláthairtí bainne AFBGL, i gcomparáid le 18% de na conarthaí agus 19% de na soláthairtí bainne sa bhliain bainne roimhe sin.

Praghsanna Bainne 2012/13

Sa bhliain bainne 2012/13, ba é an praghas meánach bainne a íocadh gan CBL san áireamh faoin 1,769 conradh AFBGL ná 37.42 c/lítear, méid arbh ionann é agus méadú 3.5 c/lítear nó 10% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Faoin gCóras PBD, ba é an praghas meánach a íocadh ná 37.44 c/lítear, agus is méadú 3.2 c/lítear nó 9% é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus ba é an praghas meánach a íocadh faoin gCóras COMHRÉIDH ná 37.2 c/lítear, méid arbh ionann é agus méadú 4.5 c/lítear nó 14% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Airgeadas

Tháinig laghdú ar ioncam iomlán na Gníomhaireachta go €528,788 ó €626,033 in 2012, rud a tharla go príomha mar gheall ar an laghdú 20% ar ráta an tobhaigh bainne go 0.115 cent in aghaidh an lítir in Aibreán 2013. Tháinig laghdú €90,120 nó 15% ar ioncam an tobhaigh bainne go €515,062. Tháinig laghdú €7,125 nó 34% ar ioncam úis go €13,726.

Tháinig laghdú €13,309 nó 2% ar chostais oibriúcháin €538,595. Tháinig laghdú €12,766 nó 3% ar chostais phearsanra agus gaolmhara, agus laghdú 1% ar chostais oibriúcháin eile.

Chiallaigh an barrachas costas €538,595 thar ioncam €528,788 go raibh easnamh oibriúcháin €9,807 i gceist sa bhliain.

Ag deireadh na bliana, b'ionann luach an Chiste Charntha agus €1,064,276, agus chuimsigh sé airgead tirim agus taiscí (glanmhéid creidiúnaithe) €955,612, luach féichiúnaithe €103,313 agus sócmhainní seasta ar luach €5,351.

Déanann Nóta 9 sna Ráitis Airgeadais tagairt do dhliteanas féideartha €241,000 ag eascairt ón bhfógra a tugadh don Ghníomhaireacht i bhFeabhra 2014 faoi mhéadú féideartha, agus é i bhfeidhm ó 3 Deireadh Fómhair 2005, ar rátaí ranníocaíochta fostóra na Gníomhaireachta le Scéim Aoisliúntais na Foirne.

Cruinnithe den Ghníomhaireacht

Thionóil an Ghníomhaireacht seacht gcruinniú agus thionóil an Coiste Iniúchóireachta dhá chruinniú i rith na bliana.

Conclúid

Tá an Ghníomhaireacht buíoch as comhoibriú na bpróiseálaithe bainne leachtaigh agus comhlachtaí ionadaíocha na dtáirgeoirí, na bpróiseálaithe, na dtomhaltóirí, na miondíoltóirí agus na ndáileoirí i rith na bliana. Is mór againn an tacaíocht agus comhairle a fuarthas ó oifigigh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ó Ghníomhaireachtaí Stáit eile a ndeachthas i gcomhairle leo i rith na bliana

Ar mo shon féin, gabhaim buíochas le comhaltaí na Gníomhaireachta as a gcomhairle chríonna agus a dtacaíocht, agus le Muiris agus a fhoireann as a n-obair agus a dtiomantas.

Donncha Ó Murchú

Cathaoirleach

Cathaoirleach

Donncha Ó Murchú*

Ionadaithe na dTáirgeoirí

Diarmuid Ó Crulaol

Éamann Mac an tSagairt

Pádraig Ó Maolagáin*

Tadhg Ó Ciosáin

Donncha Ó Faogáin

Ionadaithe na bPróiseálaithe

Seoirse Ó Ciaráin*

Antaine Ó Drisceoil

Proinsias Tóibín

Eoghan Mac Suibhne

Ionadaí na nDáileoirí

Uaitear Ó Maoldomhnaigh

Ionadaí na Miondíoltóirí

Seán Foster*

Ionadaithe na dTomhaltóirí

Risteard Ó Donnchú

Micheál Mac Giolla Chaoin

*Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta (2013)

Cathaoirleach	Donncha Ó Murchú[1]
Ionadaithe na dTáirgeoirí	Tadhg Ó Ciosáin Diarmuid Ó Crulaol Donncha Ó Faogáin Éamann Mac an tSagairt Pádraig Ó Maolagáin[1]
Ionadaithe na bPróiseálaithe	Seoirse Ó Ciaráin[1] Antaine Ó Drisceoil Proinsias Tóibín Eoghan Mac Suibhne
Ionadaí na nDáileoirí	Uaitear Ó Maoldomhnaigh
Ionadaí na Miondíoltóirí	Seán Foster [1 2]
Ionadaithe na dTomhaltóirí	Risteard Ó Donnchú Micheál Mac Giolla Chaoin
An Príomhfheidhmeannach	Muiris Ó Céidigh
An Rúnaí	Siobhán Uí Sheanáin
Trealamh	Teach IPC, 35/39 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Ríomhphost	natmilk@eircom.net
Suíomh gréasáin	www.nationalmilkagency.ie
Dlíodóir	Frank Mulvey, Dlíodóirí Frank Mulvey, Morrison Chambers, 32 Sráid Nassau, Baile Átha Cliath 2.
Baincéirí	Bainc-Aontas Éireann cpt., Brainse Lárionad an Bhainc, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Banc na hÉireann, 39 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
An tIniúchóir	Deloitte & Touche Teach Deloitte & Touche, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.

[1] Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta (2013).
[2] Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta (2013).

CLÁR NA nÁBHAR

1.	Soláthairtí Bainne	10
2.	Margadh an Bhainne Úir Leachtaigh	15
3.	Conarthaí/Praghsanna Cláraithe	18
4.	Próiseálaithe	24
Aguisín 1	Cruinnithe na Gníomhaireachta	25
Aguisín 2	Clár Táirgeoirí/Soláthairtí Bainne/Córais Phraghsála	26
Aguisín 3	Praghsanna/Difreálaigh Bhliantúla Mheánacha Bainne do Tháirgeoirí	27
Aguisín 4	Struchtúr Sholáthairtí Bainne na dTáirgeoirí Cláraithe	28
Aguisín 5	Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais	31
Aguisín 6	Comhlíonadh/Forfheidhmiú	42
Aguisín 7	Reachtanna agus Ionstraimí Reachtúla a bhaineann leis an nGníomhaireacht	43

1. SOLÁTHAIRTÍ BAINNE

An Dr. Muiris Ó Céidigh
An Príomhfheidhmeannach

1.1 Soláthairtí Bainne Baile

B'ionann na soláthairtí bainne baile d'uachtarlanna agus lucht paistéartha i rith 2013 agus 5,420 milliún lítear, méid arbh ionann é agus méadú 195 milliún lítear nó 3.7%, i gcomparáid le soláthairtí 5,225 milliún lítear i rith 2012.

Bhí 17,985 táirgeoir gníomhach bainne ann, fad is a bhí soláthairtí meánacha bliantúla bainne 301,000 lítear á ndéanamh in aghaidh an táirgeora. (Aguisín 4, Tábla B).

Úsáideadh 92% de na soláthairtí bainne baile i ndéantúsaíocht táirgí déiríochta ar onnmhairíodh an chuid is mó acu, agus próiseáladh 8% de na soláthairtí le haghaidh úsáid leachtach sa mhargadh baile.

FIG. 1.0 ÚSÁID SOLÁTHAIRTÍ BAINNE BAILE 2013



Lean pátrún táirgthe thar a bheith séasúrach de bheith ag baint le soláthairtí bainne baile i rith 2013, agus iad bunaithe ar tháirgeadh bainne féaraigh agus breith laonna shéasúrach, agus soláthraíodh 78% de na soláthairtí bainne sna seacht mí ó Mhárta go Meán Fómhair, agus 22% sna cúig mhí ó Dheireadh Fómhair go Feabhra, agus an dá mhí sin san áireamh.

Bhí cóimheas 5.8/1 idir míonna buaice agus umair ag an bpróifíl soláthair bainne baile, uimhir a chuimsigh cóimheas 8.6/1 idir míonna buaice agus umair maidir le soláthairtí bainne ó tháirgeoirí bainne déantúsaíochta agus cóimheas 1.9/1 i gcás soláthairtí bainne ó tháirgeoirí cláraithe bainne a phróiseáiltear le haghaidh úsáid leachtach.

FIG. 1.2 SOLÁTHAIRTÍ BAILE, SOLÁTHAIRTÍ BAINNE DÉANTÚSAÍOCHTA, SOLÁTHAIRTÍ Ó THÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE AGUS ÚSÁID BAINNE LEACHTAIGH (GO MÍOSÚIL) 2013



* Bainne a dhíoltar le haghaidh úsáid leachtach sa Stát, lena n-áirítear allmhairí bainne pacáistithe.

Foinsí: An POS/An GNB.

TÁBLA 1.1 SÉASÚRACHT NA SOLÁTHAIRTÍ BAINNE BAILE (DE RÉIR EARNÁLA)

Bliain	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002
	Cóimheasa idir míonna buaice agus umair											
Déantúsaíocht	8.6	9.1	6.8	8.7	8.1	7.1	8.2	8.7	8.2	8.0	8.2	8.9
Leacht	1.9	1.8	1.8	1.9	1.7	1.8	1.8	1.8	1.8	1.8	1.9	2.0
Iad Go Léir	5.8	5.6	5.1	5.8	4.9	5.4	5.6	5.7	5.5	5.5	5.6	6.1

Foinse: An RTBM/An POS.

1.2 Soláthairtí Bainne de réir Táirgeoirí Cláraithe

B'ionann soláthairtí iomlána bainne ag 1,883 táirgeoir cláraithe an Stáit in 2012/13 agus 830 milliún lítear (Aguisín 4 – Tábla A), i gcomparáid le 829 milliún lítear in 2011/12.

B'ionann soláthairtí a bhí le bheith próiseáilte le haghaidh úsáid leachtach agus 455 milliún lítear nó 55% d'iomlán na soláthairtí ó tháirgeoirí bainne leachtaigh, fad is gurbh ionann soláthairtí a bhí le bheith próiseáilte ina dtáirgí déiríochta déantúsaithe agus 375 milliún lítear nó 45% d'iomlán na soláthairtí.

Is grúpa suntasach táirgeoirí iad na táirgeoirí cláraithe bainne san earnáil soláthair bainne baile, agus is ionann iad agus 10% de na táirgeoirí bainne go léir agus iad ag soláthar 15% de na soláthairtí bainne baile.

Ní hamháin go soláthraíonn siad na riachtanais bhainne baile ar feadh na bliana go léir le haghaidh úsáid bainne leachtaigh, ach soláthraíonn siad breis is 8% de na soláthairtí bainne déantúsaíochta baile chomh maith.

Bhí soláthairtí bainne a ceannaíodh faoi chonarthaí cláraithe le bheith próiseáilte le haghaidh úsáid leachtach 8% níos mó in 2013 ná díolacháin bainne úir na bpróiseálaithe, i gcomparáid le 4% in 2012, cás a bhí ann go príomha mar gheall ar shocruithe ceannaigh idirthréimhsigh.

FIG. 1.3 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE BAILE 2013



Bhí soláthairtí bliantúla 441,000 lítear ag an táirgeoir meánach cláraithe i rith 2012/13, i gcomparáid le 428,000 lítear i rith na bliana roimhe sin, méid arb ionann é agus méadú 3%.

1.3 Soláthairtí Bainne Geimhridh

I rith na gcúig mhí fhorordaithe geimhridh ó Dheireadh Fómhair 2013 go dtí Feabhra 2014, b'ionann iomlán na soláthairtí bainne a rinne táirgeoirí cláraithe agus 296 milliún lítear measta, méid arbh ionann é agus méadú 12 milliún lítear i gcomparáid le 2012/13 agus sholáthair sé cumhach soláthair 132% le haghaidh úsáid bainne leachtaigh (allmhairí san áireamh) 225 milliún lítear measta.

I rith mhíonna na Nollag in 2013 agus Eanáir in 2014, b'ionann iomlán na soláthairtí a bhí déanta ag táirgeoirí cláraithe agus 117 milliún lítear measta agus bhí 25 milliún lítear de bhreis ar an úsáid bainne leachtaigh 92 milliún lítear measta (allmhairí san áireamh) i rith na míonna sin, méid arbh ionann é agus cumhdach soláthair 127%.

FIG 1.4 SOLÁTHAIRTÍ MÍOSÚLA BAINNE AG TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE GNÍOMHACHA, ÚSÁID BAINNE LEACHTAIGH AGUS ALLMHAIRÍ MÍOSÚLA 2013



* Bainne a dhíoltar le haghaidh ól leachtach sa Stát, lena n-áirítear allmhairí bainne pacáistithe.

Foinsí: An POS/An GNB.

1.4 Allmhairí

B'ionann bulc-allmhairí bainne na bliana seo caite isteach sa Stát le bheith próiseáilte ag uachtarlanna agus lucht paistéartha agus 411 milliún lítear, méid arbh ionann é agus méadú 5 mhilliún lítear nó 1% i gcomparáid le 2012, agus bhí gluaiseachtaí bainne trasteorann ó Thuaisceart Éireann i gceist leis an gcuid is mó díobh.

B'ionann na bulc-allmhairí bainne seo agus 8% de na soláthairtí baile agus 20% de sholáthairtí bainne bliantúla Thuaisceart Éireann.

B'ionann bulc-allmhairí bainne 354 milliún lítear a bhí le bheith próiseáilte ina dtáirgí déiríochta déantúsaithe sa Stát agus 86% de na hallmhairí seo, agus b'ionann bulc-allmhairí bainne a bhí le bheith próiseáilte le haghaidh úsáid leachtach sa Stát, is é sin, 57 milliún lítear measta, b'ionann iad agus 14%, laghdú 2 mhilliún lítear nó 3% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

TÁBLA 1.5 % BULC-ALLMHAIRÍ BAINNE DE SHOLÁTHAIRTÍ BAINNE BAILE, 1996-2013

	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996
	Milliúin lítear																	
Soláthairtí	5,420	5,225	5,377	5,173	4,801	4,959	5,090	5,083	4,915	5,116	5,157	5,032	5,179	5,012	4,973	4,944	5,105	5,144
Bulc-allmhairí[1]	411	406	356	388	427	464	473	566	550	377	349	278	209	304	361	282	–	–
% allmhairí	8	8	7	8	9	9	9	11	11	7	7	5	4	6	7	6	–	–

[1] An POS.

Measadh gur allmhairíodh 89 milliún lítear de bhainne úr i bpacáistí do thomhaltóirí agus ba mhéadú 3 mhilliún lítear nó 3% é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

B'ionann iomlán na n-allmhairí bainne le haghaidh úsáid leachtach i bpacáistí do thomhaltóirí agus i mbulc a bhí le bheith próiseáilte le haghaidh úsáid leachtach sa Stát agus 146 milliún lítear, méid ar méadú 1 mhilliún lítear nó 1% é i gcomparáid leis na méideanna allmhairithe sa bhliain roimhe sin.

TÁBLA 1.6 ALLMHAIRÍ PACÁISTITHE AGUS BULC-ALLMHAIRÍ BAINNE LE HAGHAIDH ÚSÁID LEACHTACH, 1996-2013

	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996
	Milliúin lítear																	
Pacáistí do Thomhaltóirí	89	86	86	84	78	59	50	46	40	38	41	26	24	23	20	–	–	0
Bulc	57*	59	65	58	57	63	62	58	55	55	48	42	50	43	44	45	16	0
Iomlán na nAllmhairí	146	145	151	142	135	122	112	104	95	93	89	68	74	66	64	45	16	0

* Meastachán den GNB.

FIG 1.7 DUL I BHFÓD AR AN MARGADH BAINNE LEACHTACH BAILE DE RÉIR ALLMHAIRÍ, 1996-2013



Bhí sciar margaidh 74% ag soláthairtí baile agus sciar margaidh 26% ag allmhairí de mhargadh bainne úir an Stáit, céatadáin a bhí mar an gcéanna le 2012.

Ó 1996, tá allmhairí bainne úir le haghaidh úsáid leachtach tar éis fás go dtí 146 milliún lítear measta, méid a ionsúnn an méadú 29 milliún lítear go léir ar úsáid agus a dhíláithríonn 117 milliún lítear de sholáthairtí baile.

Tá sciar margaidh na soláthairtí baile sa mhargadh bainne leachtaigh tar éis titim ó 100% in 1996 go 74% in 2013, fad is atá sciar margaidh na n-allmhairí tar éis méadú ó náid go 26%.

B'ionann iomlán na n-allmhairí bainne ó Thuaisceart Éireann ag próiseálaithe agus lucht paistéartha mar bhainne leachtach pacáistithe agus 500 milliún lítear i rith 2013, agus b'ionann iad agus 9% de na soláthairtí bainne baile agus 25% de sholáthairtí bliantúla bainne Thuaisceart Éireann.

TÁBLA 1.8 ÚSÁID BAINNE LEACHTAIGH Ó SHOLÁTHAIRTÍ BAILE AGUS Ó ALLMHAIRÍ, 1996-2013

	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996
	Milliúin lítear																	
Úsáid	565	563	578	567	568	578	577	568	559	556	571	563	564	553	549	543	533	536
Soláthairtí baile	419	418	427	425	433	456	465	464	464	463	482	495	490	487	485	498	517	536
Iomlán na nAllmhairí	146	145	151	142	135	122	112	104	95	93	89	68	74	66	64	45	16	0
% Úsáide Soláthairtí Baile	74	74	74	75	76	79	81	82	83	83	84	88	87	88	88	91	97	100
% Úsáide Allmhairí	26	26	26	25	24	21	19	18	17	17	16	12	13	12	12	9	3	0

Foinse: An POS/An GNB.

Tuaisceart Éireann - Soláthairtí/ Praghsanna Bainne

B'ionann soláthairtí bainne i dTuaisceart Éireann in 2013 agus 2,008 milliún lítear, méid arbh ionann é agus méadú 13 milliún lítear i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus bhí siad curtha ar fáil ag 2,684 feirmeoir déiríochta. B'ionann soláthairtí bainne Thuaisceart Éireann agus 37% de sholáthairtí bainne baile an Stáit. Onnmhairítear breis is 80% de sholáthairtí bliantúla bainne Thuaisceart Éireann mar tháirgí críochnaithe nó mar bhainne amh.

B'ionann na soláthairtí meánacha bliantúla bainne in aghaidh an tsoláthraí i dTuaisceart Éireann i rith 2013 agus 748,000 lítear, méid arbh ionann é agus breis is dúbailt na soláthairtí meánacha bliantúla bainne sa Stát, is é sin, 301,000 lítear.

Leanann an pátrún bliantúil soláthair bainne i dTuaisceart Éireann de bheith an-difriúil le pátrún an Stáit seo. Bíonn soláthairtí bainne ar fáil ar feadh na bliana go léir agus cóimheas 1.4/1 i rith 2012 i gceist idir míonna buaice agus umair, i gcomparáid le 5.8/1 sa Stát seo.

TÁBLA 1.9 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE SA STÁT AGUS I DTUAISCEART ÉIREANN, 2013

	Poblacht na hÉireann	Tuaisceart Éireann Éire
Iomlán na Soláthairtí – m. lítear	5,420	2,008
% Meánach Saill Ime	3.94	4.01
% Meánach Próitéine	3.39	3.24
Cóimheas idir míonna buaice/umair	5.8/1	1.4/1
Soláthraithe – líon	17,985	2,684
Soláthairtí meánacha in aghaidh an tsoláthraí – lítir	301,000	748,000

FIG 1.10 SOLÁTHAIRTÍ MÍOSÚLA BAINNE – AN STÁT SEO AGUS TÉ 2013



Ó 1993, tá méadú 699 milliún lítear nó 53% tar éis teacht ar sholáthairtí bliantúla bainne i dTuaisceart Éireann mar gheall ar cheannach agus aistriú cuótaí bainne den AE ón mBreatain Mhór.

Sa bhliain 2013, onnmhairíodh 411 milliún lítear nó 20% de na soláthairtí bliantúla bainne i dTuaisceart Éireann go dtí an Stát seo mar bhulc-bhainne amh, méid arbh ionann é agus méadú 5 mhilliún lítear nó 1% i gcomparáid le 2012.

Cuireadh deireadh leis an gcóras ceant bainne i dTuaisceart Éireann in Eanáir 2013 mar gheall ar bhuarthaí nach raibh sé ag cur praghas iomaíoch ar fáil sa mhargadh, go háirithe i rith buaicthréimhse táirgthe an earraigh agus thús an tsamhraidh.

TÁBLA 1.11 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE THUAISCEART ÉIREANN, 1993 - 2013

	SOLÁTHAIRTÍ BAINNE	
	m. lítear	**Innéacs**
1993	1,309	100
2002	1,764	135
2003	1,772	135
2004	1,776	136
2005	1,865	142
2006	1,902	145
2007	1,918	146
2008	1,902	145
2009	1,772	135
2010*	1,850	141
2011*	1,977	150
2012*	1,995	151
2013	2,008	153

Foinse: DARDNI.

* Athmheasta.

Ba é an glanphraghas bliantúil meánach a íocadh le táirgeoirí as soláthairtí bainne ar feadh na bliana go léir i rith 2013 ná 31.32 p/l (36.84 c/l), agus ba mhéadú 5.5 p/l (6.4 c/l) nó 21% é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Bhí an praghas seo 1.23 c/l nó 3% níos ísle ná an praghas bliantúil meánach bainne 38.07 c/l ar sholáthairtí bainne déantúsaíochta sa Stát.

2. MARGADH AN BHAINNE ÚIR LEACHTAIGH

Is é margadh an bhainne úir leachtaigh an margadh tomhaltais is mó le haghaidh bainne agus táirgí bainne sa Stát, agus bhí luach measta miondíola €531m air in 2013.

Úsáideadh 565 milliún lítear bainne úir leachtaigh go náisiúnta anuraidh, méid arbh ionann é agus méadú 2 mhilliún lítear nó 0.4% ar úsáid bainne i rith 2012. Bhí an úsáid 0.34 lítear in aghaidh an duine in aghaidh an lae sa Stát ar an dara ráta ab airde san AE.

B'ionann díolacháin bhainne gan bhearradh anuraidh agus 60% de na díolacháin bhainne úir, agus b'ionann díolacháin an bhainne bheagmhéathrais agus an bhainne bhearrtha agus 40% de na díolacháin, i gcomparáid le 62% agus 38% faoi seach in 2012.

Ba iad na praghsanna náisiúnta meánacha miondíola ar bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítear amháin agus ar bhainne gan bhearradh i bpacáistí dhá lítear in 2013, mar a bhí tuairiscithe ag an POF, ná 106 c/l agus 180 c/2l faoi seach, méideanna ar méaduithe 1 c/l agus 3 c/2l iad i gcomparáid le 2012.

Díoladh 75% measta de na díolacháin bhainne úir i bpacáistí dhá lítear nó níos mó, agus bhí 25% measta de dhíolacháin díolta i bpacáistí 1 lítear amháin nó níos lú.

I bhfianaise an mheascáin díolachán seo, measann an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne gurbh é an praghas náisiúnta meánach miondíola ar bhainne i ngach méid phacáiste ná 94 c/l in 2013, i gcomparáid le 93 c/l in 2012, méid arbh ionann é agus méadú 1 c/l nó 1%.

Ó 1995 go dtí 2011, rinne an POS tuairisciú ar an bpraghas míosúil meánach ar bhainne gan bhearradh i bpacáistí 1 lítear amháin, agus tháinig méadú 34c/l nó 44% ar an bpraghas i rith na tréimhse sin. Ó Eanáir 2012, tá an POS éirithe as tuairisciú a dhéanamh ar phraghas míosúil meánach an bhainne gan bhearradh i bpacáistí 1 lítear amháin, agus thosaigh siad ag tuairisciú ar phraghas an bhainne bheagmhéathrais i bpacáistí 1 lítear amháin.

Tá an Ghníomhaireacht tar éis úsáid a bhaint as praghas meánach an bhainne bheagmhéathrais i bpacáistí 1 lítear amháin chun an t-innéacs praghsanna miondíola a ríomh in 2013 agus 2012 i dTábla 2.0. Go ginearálta, bíonn praghsanna an bhainne féinlipéid gan bhearradh agus praghsanna an bhainne bheagmhéathrais féinlipéid i bpacáistí 1 lítear amháin i sreangshiopaí mar an gcéanna. Ach ba chóir do dhaoine tabhairt dá n-aire go bhféadfadh praghsanna miondíola brandaí bainne beagmhéathrais na bpróiseálaithe i bpacáistí 1 lítear amháin a bheith níos airde ná praghsanna brandaí bainne gan bhearradh an phróiseálaí i bpacáistí 1 lítear amháin i gcásanna áirithe.

Tábla 2.0 INNÉACSANNA PRAGHSANNA TOMHALTAIS/PRAGHSANNA BIA/PRAGHSANNA BAINNE MIONDÍOLA/ PRAGHSANNA BAINNE TÁIRGEOIRÍ

	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996	1995
An tInnéacs Praghsanna Tomhaltais	151	150	148	144	145	153	147	140	135	132	129	124	119	113	107	106	103	102	100
An tInnéacs Praghsanna Bia	140	142	139	140	145	150	142	134	132	133	133	129	123	116	112	108	104	102	100
An tInnéacs Praghsanna Miondíola Bainne																			
– bainne beagmhéathrais[1]	138	136	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–
- bainne gan bhearradh2	–	–	144	144	145	144	118	110	110	110	112	110	108	105	104	104	104	104	100
Praghsinnéacs Táirgeoirí[3]	119	104	108	99	89	115	108	93	94	98	98	100	102	98	98	98	100	104	100

Foinsí: An POS/An GNB

[1] An POS – Praghas náisiúnta meánach miondíola bainne beagmhéathrais i bpacáistí lítir amháin (AN POS ó Eanáir 2012).

[2] An POS – Praghas náisiúnta meánach miondíola bainne gan bhearradh i bpacáistí lítear amháin (AN POS go dtí Nollaig 2011).

[3] Níl íocaíochtaí préimhe déiríochta an AE atá iníoctha le faighteoirí cáilithe ó 2004 san áireamh.

TÁBLA 2.1 PRAGHSANNA BLIANTÚLA MEÁNACHA MIONDÍOLA BAINNE – PRAGHSANNA BAINNE BLIANTÚLA TÁIRGEOIRÍ/SCIAR NA DTÁIRGEOIRÍ DEN PHRAGHAS MIONDÍOLA BAINNE

	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996	199
	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/
Praghsanna Miondíola																			
– bainne beagmhéathrais[1]	106	105	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–
– bainne gan bhearradh[2]	–	–	111	111	112	111	91	85	85	85	86	85	83	81	80	80	80	80	77
Praghsanna Táirgeoirí[3]	38.9	34.1	35.5	32.4	29.2	37.6	35.3	30.5	31.0	32.3	32.3	32.7	33.3	32.1	32.2	32.3	32.8	34.1	32.8
% Phraghas an Táirgeora de Mhiondíol[4]	37%	32%	32%	29%	26%	34%	39%	36%	36%	38%	38%	38%	40%	40%	40%	40%	41%	43%	43%

[1] An POS – An praghas náisiúnta meánach miondíola ar bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítear amháin (tuairiscí an POS ar bhainne beagmhéathrais amháin i bpacáistí 1 lítear amháin ó Eanáir 2012).

[2] An POS – Praghas náisiúnta meánach miondíola bainne gan bhearradh i bpacáistí 1 lítear amháin.

[3] An GNB – Praghas náisiúnta meánach táirgeoirí ar bhainne atá le bheith próiseáilte le haghaidh úsáid leachtach.

[4] An GNB – I bhfianaise mheastachán an GNB, is é sin, 94 c/l mar phraghas náisiúnta meánach miondíola ar bhainne úir, is é an praghas a gheobhadh táirgeoirí mar chéatadán den phraghas miondíola ná 41% in 2013, i gcomparáid le 37% in 2012.

FIG. 2.2 PRÓIFÍL TÁIRGÍ DÍOLACHÁIN BAINNE ÚIR, 2001-2013



Foinse: An POS.

An Margadh Miondíola

Is iad na miondíoltóirí an príomhbhealach dáilte bainne úir, agus iad ag dáileadh 79% den bhainne úr go léir. De réir fhoinsí an tionscail, laghdaigh an bealach lónadóireachta go 11%, fad is a d'fhan an bealach leac dorais mar an gcéanna ag 10%.

TÁBLA 2.3 SCIARTHA AN MHARGAIDH GHRÓSAEIREACHTA

	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002
	%	%	%	%	%	%	%	%	%	%	%	%
Tesco	26	27	28	27	26	26	26	26	26	25	23	24
Dunnes	24	23	23	23	25	24	24	22	22	22	21	22
SuperValu	20	20	20	20	20	20	20	20	20	19	19	19
Superquinn	5	6	5	7	7	8	8	8	8	9	8	9
Lidl/Aldi	14	12	12	12	11	10	7	6	6	5	6	1
Centra	4	4	4	2	2	2	2	3	2	3	3	3
Spar	4	4	4	2	2	2	2	2	2	3	3	2
Gach ceann eile	3	4	4	7	7	8	11	13	14	14	17	20
Iomlán	100	100	100	100	100	100	100	100	100	100	100	100

Foinse: CMEGDC (RGDATA) – measta.

Bhí sciar 79% ag na trí ghrúpa il-ollmhargaí is mó de mhargadh grósaeireachta na hÉireann in 2013, agus bhí sciar margaidh 93% ag na cúig ghrúpa il-ollmhargaí is mó.

FIG. 2.4 SCIARTHA MARGAIDH, 1999-2013



Foinse: Meastachán an Tionscail.

Bhí miondíoltóirí lascaine, dream ar mhéadaigh a sciar den mhargadh grósaeireachta go 14% in 2013, bhí siad ar na príomhshiopaí inar díoladh allmhairí bainne úir phacáistithe, ach le tamall anuas, tá soláthairtí níos mó faighte acu ó phróiseálaithe cláraithe agus táirgeoirí cláraithe.

I margadh bainne úir na hÉireann, meastar go ndíoltar breis is 55% de na díolacháin bhainne sna siopaí mar bhainne 'féinlipéid' anois, de réir fhoinsí an tionscail.

Bhí díolacháin féinlipéid na bpacáistí 2 lítear á ndíol ar lascaine mheánach 25% i gcomparáid le brandaí na bpróiseálaithe.

3. CONARTHAÍ/PRAGHSANNA CLÁRAITHE

TÁBLA 3.0 CINEÁLACHA CONARTHAÍ

Bliain Bainne	Iomlán na gConarthaí	An Bhliain Go Léir	Míonna an Gheimhridh
1995/96	3,344	3,206	138
1996/97	3,284	3,151	133
1997/98	2,908	2,783	125
1998/99	2,833	2,709	124
1999/00	2,762	2,642	120
2000/01	2,837	2,725	112
2001/02	2,720	2,620	100
2002/03	2,736	2,583	153
2003/04	2,656	2,510	146
2004/05	2,336	2,199	137
2005/06	2,282	2,104	178
2006/07	2,079	1,908	171
2007/08	2,008	1,861	147
2008/09	1,992	1,849	143
2009/10	1,995	1,862	133
2010/11	1,950	1,790	160
2011/12	1,936	1,824	112
2012/13	1,883	1,769	114

Clár na gConarthaí amhail ar 31 Nollaig i ngach aon bhliain. Coinnítear Clár na gConarthaí mar chlár oscailte.

Is féidir le Próiseálaithe agus Táirgeoirí conarthaí a chlárú i leith blianta bainne ar leith. Leanadh de chonarthaí a chlárú i rith na bliana. Féach ar Aguisín 2 chun Clár na dTáirgeoirí a fheiceáil.

- Tháinig laghdú ar líon na gconarthaí cláraithe soláthair bainne go dtí 1,883, agus b'ionann seo agus glanlaghdú 53 conradh i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Lean conarthaí Ar Feadh na Bliana Go Léir (AFBGL) de bheith ar an bpríomhchineál conartha, agus is ionann iad agus 94% de na conarthaí agus 99% de na soláthairtí bainne.
- B'ionann conarthaí geimhridh agus 6% de na conarthaí agus 1% de na soláthairtí bainne.
- Tháinig laghdú 55 go 1,769 ar líon na gconarthaí Ar Feadh Na Bliana Go Léir (AFBGL), fad is a tháinig méadú 2 chonradh ar líon na gconarthaí geimhridh go 114.

3.1 Córais Phraghsála Conarthaí

- Úsáideann próiseálaithe dhá chóras praghsála bainne nuair a cheannaíonn siad bainne ó tháirgeoirí chun é a phróiseáil le haghaidh úsáid leachtach, mar atá, Córas an Phraghais Bainne Déantúsaíochta móide Bónas (Córas PBD) agus Córas an Phraghais CHOMHRÉIDH (Córas COMHRÉIDH).
- Faoin gCóras PBD, íoctar praghas bainne atá nasctha leis an bpraghas míosúil bainne déantúsaíochta do phróiseálaithe, le difríochtaí praghais le haghaidh comhábhar, íoctar é in éineacht le híocaíochtaí seasta nó athraitheacha bónas geimhridh.
- Faoin gCóras COMHRÉIDH, íoctar as bainne ar phraghas míosúil comhréidh in aghaidh an lítir, agus íoctar praghsanna níos airde i rith mhíonna an gheimhridh, gan difríocht phraghais ar bith le haghaidh comhábhair bhainne.
- Cuireadh an Córas PBD i bhfeidhm i 86% de na conarthaí AFBGL in 2012/13, i gcomparáid le 82% in 2011/12, agus i 87% de na soláthairtí bainne, i gcomparáid le 81% de na soláthairtí bainne in 2011/12.
- Cuireadh an Córas COMHRÉIDH i bhfeidhm i 14% de na conarthaí AFBGL, i gcomparáid le 18% in 2011/12, agus i 13% de na soláthairtí bainne, i gcomparáid le 19% in 2011/12.

TÁBLA 3.1 AICMIÚ NA GCONARTHAÍ CLÁRAITHE DE RÉIR CINEÁIL/SOLÁTHAIRTÍ

	Conarthaí				Soláthairtí			
	2012/13		2011/12		2012/13		2011/12	
	Líon	**%**	**Líon**	**%**	**m lítear**	**%**	**m lítear**	**%**
An Bhliain Go Léir	1,769	94	1,824	94	449.0	99	428.5	98
An geimhreadh	114	6	112	6	6.1	1	6.5	2
Iomlán	1,883	100	1,936	100	455.1	100	435.0	100

Foinse: An RTBM/An POS.

- Bhí soláthairtí bainne a ceannaíodh faoi chonarthaí cláraithe in 2013 8% níos airde ná díolacháin baile an bhainne úir, i gcomparáid le 4% in 2012, mar gheall ar shocruithe idirthréimhseacha go príomha.

TÁBLA 3.2 CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA GO LÉIR DE RÉIR CINEÁIL AGUS CÓRAIS PRAGHSÁLA

Córais Phraghsála	Conarthaí				Soláthairtí Bainne			
	2012/13		2011/12		2012/13		2011/12	
	Líon	**%**	**Líon**	**%**	**m lítear**	**%**	**m lítear**	**%**
CÓRAS PBD	1,524	86	1,499	82	389.5	87	346.0	81
CÓRAS COMHRÉIDH	245	14	325	18	59.5	13	82.5	19
AFBGL IOMLÁN	1,769	100	1,824	100	449.0	100	428.5	100

FIG. 3.3 CÓRAIS PHRAGHSÁLA/CONARTHAÍ 2012/13



FIG. 3.4 CÓRAIS PHRAGHSÁLA/SOLÁTHAIRTÍ BAINNE 2012/13



FIG. 3.5 CONARTHAÍ AFBGL - CÓRAIS PHRAGHSÁLA/SOLÁTHAIRTÍ 1999/00-2012/13



Tábla 3.6 PRAGHSANNA BLIANTÚLA MEÁNACHA BAINNE A ÍOCADH FAOI CHONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA GO LÉIR - 2012/13 agus 2011/12

Córais Phraghsála	Praghsanna		Méaduithe Praghais	Conarthaí	Soláthairtí Bainne
	2012/13	2011/12	2012/13	2012/13	2012/13
	c/lítear	c/lítear	c/lítear	líon	m. lítear
PBD	37.44	34.25	3.19	1,524	389.5
COMHRÉIDH	37.19	32.66	4.53	245	59.5
Conarthaí AFBGL	37.42	33.94	3.48	1,769	449.0

Baineann na praghsanna le conarthaí AFBGL a úsáideann an Córas PBD agus COMHRÉIDH agus is praghsanna infhaighte ar fhágáil na feirme iad, gan CBL san áireamh, agus a bhfuil gach bónas cáilíochta agus eile i gceist leo, agus sula mbaintear pionóis agus tobhaigh reachtúla. Tomhaistear praghsanna de réir toirteanna míosúla a cheannaítear. I gcás conarthaí a úsáideann an Córas PBD, bíonn na praghsanna nasctha le praghsanna míosúla déantúsaíochta, agus bónais sheasta agus athraitheacha geimhridh curtha san áireamh. Sa chás gur athraigh an Córas Praghsála i gconradh i rith na bliana bainne, tá an conradh aicmithe i gcomhréir leis an bPríomhchóras Praghsála a cuireadh i bhfeidhm.

- Ba é an praghas meánach a íocadh faoi chonarthaí an chórais PBD AFBGL i rith 2012/13 ná 37.44c/l agus b'ionann seo agus méadú 3.19 c/l nó 9% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Ba é an praghas meánach a íocadh faoi chonarthaí an chórais CHOMHRÉIDH AFBGL i rith 2012/13 ná 37.19 c/l, agus ba mhéadú 4.53 c/l nó 14% é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Ba é an praghas meánach a íocadh faoi na conarthaí uile AFBGL i rith 2012/13 ná 37.42c/l agus b'ionann seo agus méadú 3.48 c/l nó 10% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Bhí an praghas bliantúil meánach 37.44 c/l a íocadh faoin gcóras PBD 0.25 c/l níos airde ná an praghas bliantúil meánach a íocadh faoin gcóras COMHRÉIDH.
- Cheannaigh naoi bpróiseálaí soláthairtí faoin gCóras PBD ina gconarthaí.
- Cheannaigh ceithre phróiseálaí soláthairtí faoin gCóras COMHRÉIDH ina gconarthaí.
- Cheannaigh dhá phróiseálaí soláthairtí faoi na Córais COMHRÉIDHE agus PBD araon.
- Tá sceideal ina léirítear na praghsanna bliantúla meánacha i gconarthaí AFBGL ó 1995/96 leagtha amach in Aguisín 3 (Tábla A).

FIG. 3.7 CONARTHAÍ AFBGL – PRAGHSANNA BLIANTÚLA MEÁNACHA PBD AGUS COMHRÉIDHE



Féach Aguisín 3.

3.2 Príomhchonarthaí AFBGL – Praghsanna a Íocadh in 2012/2013 agus 2011/12

Tá tábla leagtha amach thíos de na praghsanna bainne bliantúla meánacha a íocadh faoin dá chonradh déag AFBGL is mó toirt arb ionann iad agus 87% de na conarthaí AFBGL agus 92% de na soláthairtí bainne AFBGL.

TÁBLA 3.8 CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA GO LÉIR – PRAGHSANNA A ÍOCADH - AN 12 CHONRADH IS MÓ TOIRT

Conarthaí an Chórais PBD

Cineálacha Conarthaí	Meán Bliantúil Praghsanna Móide Bónas[2]		Meán Bliantúil Bónas Míosúil		Bunphraghsanna		Athrú ar Phraghsanna Bliantúla Meánacha*
	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	Méaduithe
	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l
A1	37.83	33.90	2.37	2.48	35.46	31.42	3.93
B1	36.15	31.81	1.93	1.80	34.22	30.01	4.34
B1	38.66	35.19	4.86	4.88	33.80	30.31	3.47
C2	38.06	35.88	4.26	4.23	33.80	31.65	2.18
C3	39.26	37.16	4.93	4.12	34.33	33.04	2.10
D.	37.58	34.19	3.95	3.34	33.63	30.85	3.39
F	36.94	33.82	3.85	3.34	33.09	30.48	3.12

Conarthaí an Chórais CHOMHRÉIDH

Cineálacha Conarthaí[1]	Bandaí Praghsanna Meánacha[2]		An geimhreadh Praghsanna		Praghsanna Samhraidh		Athrú ar Phraghsanna Bliantúla Meánacha*
	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	Méaduithe
	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l
B.	38.11	32.94	38.62	36.86	37.55	28.86	5.17
G	35.47	30.93	35.15	33.92	35.89	26.17	4.54
D1	37.23	31.12	38.21	33.52	36.01	28.04	6.11
J	36.91	32.13[3]	37.14	36.30	36.63	27.52	4.78
H	39.43	35.22[3]	40.93	39.29	37.40	29.11	4.21

[1] D'athraigh dhá chineál conradh Córais Chomhréidh go conarthaí Córas PBD i rith na bliana.

[2] Gan CBL san áireamh.

[3] Athmheasta.

3.3 Conarthaí an Gheimhridh – Praghsanna a Íocadh

TÁBLA 3.9 CONARTHAÍ GEIMHRIDH – PRAGHSANNA/SOLÁTHAIRTÍ

Córais Phraghsála	Conarthaí		Soláthairtí Bainne		2012/13	2011/12
	Líon	**%**	**m. lítear**	**%**	**Praghas Meánach – Míonna Geimhridh c/lítear**	**Praghas Meánach – Míonna Geimhridh c/lítear**
Córas PBD	91	80	5.1	84	45.16	44.09
Córas COMHRÉIDH	23	20	1.0	16	39.70	38.84
Iomlán	114	100	6.1	100	44.39	42.96

Faoi na conarthaí geimhridh, glacann táirgeoir de chúram air féin bainne a sholáthar le haghaidh úsáid leachtach i rith cuid áirithe nó iomlán na míonna forordaithe geimhridh (Deireadh Fómhair go dtí Feabhra). Bhain an 114 conradh geimhridh le 6.1 milliún lítear bainne (laghdú 0.4 milliún lítear i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin) agus b'ionann iad agus 6% de na conarthaí go léir agus 1% de na soláthairtí bainne.

3.4 Gach Conradh – Praghsanna a Íocadh – Blianta Bainne

Ba é an praghas meánach a íocadh faoi na conarthaí uile, idir Ar Feadh na Bliana Go Léir agus Míonna an Gheimhridh Amháin i rith 2012/13 ná 37.50c/l, agus b'ionann seo agus méadú 3.42 c/l nó 10% i gcomparáid leis an mbliain bainne roimhe sin.

TÁBLA 3.10 PRAGHSANNA A ÍOCADH FAOI GACH CONRADH AGUS CÓRAS PRAGHSÁLA

Tréimhse Conarthaí Soláthairtí	2012/13 1,883 455 ml	2011/12 1,936 435 ml
	c/lítear	**c/lítear**
Míonna an gheimhridh, Meán Fómhair - Márta (7)	39.02	37.96
Míonna an tsamhraidh, Aibreán - Lúnasa (5)	35.40	28.52
Meán Bliantúil	37.50	34.08

Baineann na praghsanna le conarthaí AFBGL agus geimhridh araon a úsáideann an Córas PBD agus COMHRÉIDH agus is praghsanna infhaighte ar fhágáil na feirme iad, gan CBL san áireamh, agus a bhfuil gach bónas cáilíochta agus eile i gceist leo, agus sula mbaintear pionóis agus tobhaigh reachtúla. Tomhaistear praghsanna de réir toirteanna míosúla a cheannaítear. Tá na tréimhsí íocaíochta ar na conarthaí go léir caighdeánaithe go tréimhse phréimhe seacht mí geimhridh agus tréimhse samhraidh cúig mhí.

3.5 Praghsanna Bainne 2013

PRAGHSANNA BLIANTÚLA MEÁNACHA BAINNE LEACHTAIGH AGUS PRAGHSANNA DÉANTÚSAÍOCHTA

- I mbliain féilire 2013, rud a chuimsíonn an chéad trí mhí de bhliain bainne 2013/14, ba é an praghas bliantúil meánach a íocadh faoi na conarthaí cláraithe go léir (AFBGL agus Geimhridh) ná 38.87 c/l. Bhí praghas na bliana féilire seo 1.37 c/l níos airde ná an praghas bliantúil meánach 37.50 c/l a íocadh i mbliain bainne 2012/13 mar gheall ar na praghsanna leachtacha níos airde a d'íoc próiseálaithe sa ráithe dheireanach de 2013, i gcomparáid leis an ráithe chéanna in 2012.
- In 2013, bhí an praghas bliantúil meánach 38.87c/l a íocadh faoi na conarthaí cláraithe go léir 4.77 c/l nó 14% níos airde ná an praghas bliantúil meánach 34.10 c/l a íocadh i rith 2012.
- Bhí na préimheanna dreasachta in aghaidh an lítir a bhí iníoctha ar sholáthairtí bainne geimhridh mórán mar an gcéanna in 2013 agus 2012.
- Ba é an praghas bliantúil meánach a íocadh ar sholáthairtí bainne déantúsaíochta, gan CBL san áireamh agus tar éis muirir bailiúcháin in 2013, ná 38.07 c/l, agus ba mhéadú 6.92 c/l nó 22% é seo ar an bpraghas bliantúil meánach

déantúsaíochta 31.15 c/l a bhí i gceist i rith 2012.

- Ba iad na praghsanna bliantúla meánacha 38.87 c/l ar bhainne leachtach do tháirgeoirí, agus 38.07 c/l ar bhainne déantúsaíochta na praghsanna is airde atá taifeadta go dtí seo.
- Ba é an difreálach i rith 2013 idir an praghas bliantúil meánach 38.87 c/l do tháirgeoirí ar sholáthairtí bainne le haghaidh úsáid leachtach agus an praghas bliantúil meánach 38.07 c/l do tháirgeoirí ar sholáthairtí bainne déantúsaíochta ná 0.80 c/l, agus ba laghdú 2.15 c/l é seo i gcomparáid leis an difreálach 2.95 c/l a bhí i gceist i rith 2012. Bhí an difreálach seo ar an gceann ab ísle a taifeadadh riamh.
- I bhfianaise comhdhéanamh caighdeánach bainne ina bhfuil 3.30% próitéin agus 3.60% saill ime, ba é an difreálach idir an praghas bliantúil meánach do tháirgeoirí ar sholáthairtí bainne le haghaidh úsáid leachtach, agus an praghas bliantúil meánach do tháirgeoirí ar sholáthairtí bainne déantúsaíochta in 2013 ná 1.27 c/l, i gcomparáid le 3.10 c/l in 2012.
- Tá Sceideal a léiríonn na praghsanna bliantúla meánacha bainne táirgeora ar sholáthairtí le haghaidh úsáid leachtach agus soláthairtí le haghaidh déantúsaíochta ó 1995 leagtha amach in Aguisín 3 (Tábla B).

FIG. 3.11 PRAGHSANNA BAINNE TÁIRGEOIRÍ – MEÁIN BHLIANTÚLA – BAINNE LEACHTACH/ BAINNE DÉANTÚSAÍOCHTA, 1995-2013



4. PRÓISEÁLAITHE

TÁBLA 4.0 STRUCHTÚR NA DTÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE DE RÉIR BHANDAÍ SOLÁTHAIR NA BPRÓISEÁLAITHE CLÁRAITHE, 2012/13

Bandaí Soláthair Bainne	Líon na bPróiseálaithe	Táirgeoirí Cláraithe		Soláthairtí Cláraithe*	
m. lítear		**líon**	**%**	**m. lítear**	**%**
0-20	10	292	16	49	9
20-40	3	382	20	106	23
Breis is 40	2	1,209	64	300	68
Iomlán	15	1,883	100	455	100

Amhail ar 31 Nollaig 2013.

* Cuimsíonn siad soláthairtí ó na táirgeoirí cláraithe go léir a sholáthraíonn bainne le haghaidh cóireáil teasa ar mhaithe le húsáid leachtach.

- Tá struchtúr an tionscail thar a bheith comhchruinnithe. B'ionann dhá phróiseálaí a rinne soláthairtí bliantúla de bhreis is 40 milliún lítear bainne a bhí le bheith próiseáilte le haghaidh úsáid leachtach, b'ionann iad agus 64% de na táirgeoirí gníomhacha cláraithe agus 68% de na soláthairtí cláraithe bainne. Cuimsíonn na 15 phróiseálaí chláraithe trí phróiseálaí atá ina dtáirgeoirí chomh maith.
- Ba é líon na n-ionad cóireála teasa a bhí ceadúnaithe chun bainne a phróiseáil le haghaidh úsáid leachtach sa Stát i rith 2013 ná 18, agus bhí 16 cinn acu á n-oibriú ag na 15 phróiseálaí atá cláraithe leis an nGníomhaireacht.
- Ní raibh dhá phróiseálaí a oibríonn ionaid sa Stát chun bainne a phróiseáil le haghaidh úsáid leachtach (bainne UHT san áireamh) cláraithe leis an nGníomhaireacht.
- Ba iad na soláthairtí meánacha bliantúla bainne a próiseáladh in aghaidh an ghléasra a bhí á oibriú ag próiseálaithe cláraithe ná 28.5 milliún lítear.

AGUISÍN 1 CRUINNITHE NA GNÍOMHAIREACHTA

Comhaltaí	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu i rith 2013
Donncha Ó Murchú – Cathaoirleach	7
Tadhg Ó Ciosáin	5
Diarmuid Ó Crulaol	6
Pádraig Ó Maolagáin	7
Éamann Mac an tSagairt	7
Seoirse Ó Ciaráin*	7
Donncha Ó Faogáin	6
Antaine Ó Drisceoil	7
Eoghan Mac Suibhne	4
Proinsias Tóibín	5
Uaitear Ó Maoldomhnaigh	6
Seán Foster	7
Risteard Ó Donnchú	7
Micheál Mac Giolla Chaoin	5

Thionóil an Ghníomhaireacht seacht gcruinniú i rith na bliana agus bhí cóimheas tinrimh 87% i gceist.

Bhí cruinniú amháin ag an gCathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach le hoifigigh den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus thug siad nuacht dóibh faoi rialáil sholáthar an bhainne atá le bheith próiseáilte le haghaidh úsáid leachtach, agus ar fhorbairtí in earnáil an bhainne leachtaigh.

Bhuail an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus cúigear comhaltaí den Ghníomhaireacht leis an gComhchoiste Oireachtais ar Thalmhaíocht, Bia agus Cúrsaí Mara i mBealtaine, ar an gCód beartaithe Iompraíochta le haghaidh earnáil na n-earraí grósaeireachta, ar phraghsáil agus ar an tionchar ar sholáthraithe príomha agus tánaisteacha, tacaíocht do tháirgí áitiúla agus lipéadú.

Bíonn teagmháil rialta ag an nGníomhaireacht trína feidhmeannacht le hionadaithe de chuid Teagasc, na Comhairle Náisiúnta Déiríochta, An Cumann Náisiúnta Uachtarlann, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Cumann Soláthraithe Bainne Uachtarlainne na hÉireann agus le grúpaí/eagraíochtaí eile.

Lorg an Ghníomhaireacht comhairle ó eacnamaithe saineolacha ar réimsí éagsúla den earnáil bainne leachtaigh i rith na bliana.

Ba é an tUas. Éamann Mac an tSagairt ionadaí na Gníomhaireachta ar Bhord na Comhairle Náisiúnta Déiríochta in 2013.

Bhí dhá chruinniú ag comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta in 2013, is iad sin, Seán Foster (Cathaoirleach), Seoirse Ó Ciaráin, Pádraig Ó Maolagáin agus Donncha Ó Murchú.

AGUISÍN 2CLÁR TÁIRGEOIRÍ/SOLÁTHAIRTÍ BAINNE/ CÓRAIS PHRAGHSÁLA

A. CLÁR TÁIRGEOIRÍ

Blianta Bainne	Táirgeoirí Cláraithe	Táirgeoirí Díchláraithe	Táirgeoirí Nua
1995/96	3,360	2	2,472
1996/97	3,344	57	41
1997/98	3,300	142	98
1998/99	3,181	129	10
1999/00	3,209	66	94
2000/01	3,359	25	175
2001/02	3,093	282	16
2002/03	3,133	58	98
2003/04	2,716	486	69
2004/05	2,575	194	53
2005/06	2,492	141	58
2006/07	2,520	12	40
2007/08	2,371	161	12
2008/09	2,357	69	55
2009/10	2,367	84	94
2010/11	2,352	87	72
2011/12	2,034	339	21
2012/13	2,044	10	20

Clár na dTáirgeoirí amhail ar 31 Nollaig i ngach aon bhliain.

Fágtar táirgeoirí ar an gClár go dtí go gcuirtear in iúl don Ghníomhaireacht go bhfuil deireadh buan curtha ag na táirgeoirí sin le soláthar bainne le bheith próiseáilte le haghaidh úsáid leachtach. Fágtar táirgeoirí áirithe nach bhfuil conarthaí cláraithe acu ar an gClár go dtí go bhfaightear a leithéid d'fhógraí.

B. SOLÁTHAIRTÍ CLÁRAITHE BAINNE DE RÉIR CINEÁLACHA CONARTHAÍ

Blianta Bainne	Iomlán	An Bhliain Go Léir	Míonna an Gheimhridh Amháin
	m. lítear	m. lítear	m. lítear
1995/96	497.3	488.4	8.9
1996/97	474.6	467.3	7.3
1997/98	434.6	427.3	7.3
1998/99	433.2	426.4	6.8
1999/00	436.9	428.7	8.2
2000/01	452.6	446.1	6.5
2001/02	458.7	451.6	7.1
2002/03	468.1	458.0	10.1
2003/04	465.5	457.4	8.1
2004/05	425.7	416.3	9.4
2005/06	438.7	427.4	11.3
2006/07	432.3	423.1	9.2
2007/08	454.8	446.3	8.5
2008/09	447.8	438.2	9.6
2009/10	435.6	427.5	8.1
2010/11	444.2	433.8	10.4
2011/12	435.0	428.5	6.5
2012/13	455.1	449.0	6.1

C. CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA GO LÉIR AGUS CÓRAIS PHRAGHSÁLA

Blianta Bainne	Conarthaí	Córais Phraghsála		% PBD	% COMHRÉIDH
		PBD	COMHRÉIDH		
1995/96	3,206	471	2,735	15	85
1996/97	3,151	455	2,696	14	86
1997/98	2,783	373	2,410	13	87
1998/99	2,708	418	2,290	15	85
1999/00	2,642	373	2,269	14	86
2000/01	2,725	350	2,375	13	87
2001/02	2,620	338	2,282	13	87
2002/03	2,583	344	2,239	13	87
2003/04	2,510	435	2,075	17	83
2004/05	2,199	513	1,686	23	77
2005/06	2,104	515	1,589	24	76
2006/07	1,908	460	1,448	24	76
2007/08	1,861	475	1,386	25	75
2008/09	1,849	479	1,370	26	74
2009/10	1,862	549	1,313	30	70
2010/11	1,790	526	1,264	29	71
2011/12	1,824	1,499	325	82	18
2012/13	1,769	1,524	245	86	14

D. CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA GO LÉIR / SOLÁTHAIRTÍ AGUS CÓRAIS PRAGHSÁLA

Blianta Bainne	Soláthairtí	Córais Phraghsála		PBD	COMHRÉIDH
		PBD	COMHRÉIDH		
	m. lítear	m. lítear	m. lítear	%	%
1995/96	488.4	44.8	443.6	9	91
1996/97	467.3	72.7	395.5	15	85
1997/98	427.3	62.3	364.6	15	85
1998/99	426.4	76.4	350.0	18	82
1999/00	428.7	75.0	353.7	17	83
2000/01	446.1	62.5	383.6	14	86
2001/02	451.6	62.1	389.5	14	86
2002/03	458.0	61.6	396.4	13	87
2003/04	457.4	73.1	384.3	16	84
2004/05	416.3	116.3	300.0	28	72
2005/06	427.4	126.4	301.0	30	70
2006/07	423.1	136.8	286.2	32	68
2007/08	446.3	139.9	306.4	31	69
2008/09	438.2	126.9	311.3	29	71
2009/10	427.5	114.9	312.6	27	73
2010/11	433.8	130.8	303.0	30	70
2011/12	428.5	346.0	82.5	81	19
2012/13	449.0	389.5	59.5	87	13

AGUISÍN 3PRAGHSANNA/DIFREÁLAIGH BHLIANTÚLA MHEÁNACHA BAINNE DO THÁIRGEOIRÍ

TÁBLA A. CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA GO LÉIR, BLIANTA BAINNE – 1995/96 GO DTÍ 2012/13 – PRAGHSANNA BLIANTÚLA MEÁNACHA/CÓRAS PBD/CÓRAS COMHRÉIDH/ DIFREÁLAIGH

Blianta Bainne	Praghsanna Meánacha	Praghsanna Meánacha PBD	Praghsanna Meánacha COMHRÉIDHE	Difreálaigh Phraghais - Praghas PBD i gcomparáid le Praghas COMHRÉIDH
	c/l	c/l	c/l	c/l
1995/96	Níl fáil orthu	32.30	33.77	(1.47)
1996/97	Níl fáil orthu	32.28	33.46	(1.18)
1997/98	32.50	31.67	32.65	(0.98)
1998/99	32.19	30.64	32.65	(2.01)
1999/00	32.15	30.73	32.43	(1.70)
2000/01	32.93	32.36	33.01	(0.65)
2001/02	32.92	31.42	33.11	(1.69)
2002/03	32.28	31.13	32.56	(1.43)
2003/04	32.25	31.32	32.38	(1.06)
2004/05	31.30	30.11	31.74	(1.63)
2005/06	30.56	29.12	31.12	(2.00)
2006/07	32.11	31.85	32.25	(0.40)
2007/08	38.84	37.60	39.38	(1.78)
2008/09	30.24	27.45	31.35	(3.90)
2009/10	31.84	30.96	32.15	(1.19)
2010/11	34.68	35.35	34.37	0.98
2011/12	33.94	34.25	32.66	1.59
2012/13	37.42	37.44	37.19	0.25

TÁBLA 5. MEÁIN BHLIANTÚLA PRAGHSANNA BAINNE DO THÁIRGEOIRÍ – 1995-2013 PRAGHSANNA LEACHTACHA/PRAGHSANNA DÉANTÚSAÍOCHTA/DIFRÍOCHTAÍ BLIANTÚLA PRAGHAIS

Blianta Féilire	Praghsanna – Leacht[1]	Praghsanna – Déantúsaíocht[1]	Difreálach Praghais
	c/l	c/l	c/l
1995	32.84	29.32	3.52
1996	34.07	29.26	4.81
1997	32.85	26.85	6.00
1998	32.31	28.37	3.94
1999	32.20	27.51	4.69
2000	32.09	28.21	3.88
2001	33.26	29.31	3.95
2002	32.70	27.06	5.64
2003	32.26	26.79	5.47
2004	32.26	26.84	5.42
2005	31.00	26.29	4.71
2006	30.51	25.36	5.15
2007	35.28	32.54	2.74
2008	37.58	32.24	5.34
2009	29.17	22.49	6.68
2010	32.44	29.62	2.82
2011	35.51	34.10	1.41
2012	34.10	31.15	2.95
2013	38.87	38.07	0.80

Foinsí: An GNB/An POS

[1] Praghsanna gan CBL san áireamh, roimh thobhaigh agus tar éis muirir bailiúcháin.

AGUISÍN 4STRUCHTÚR SHOLÁTHAIRTÍ BAINNE NA DTÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE

TÁBLA A - STRUCHTÚR SHOLÁTHAIRTÍ BAINNE NA DTÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE, 2012/13 AGUS 2011/12

Bandaí Bandaí Soláthair	Táirgeoirí Cláraithe		Iomlán Soláthairtí		Soláthairtí le haghaidh Úsáid Leachtach		Soláthairtí le haghaidh Déantúsaíochta		Soláthairtí Meánacha le haghaidh Leachtach		% na dTáirgeoirí Cláraithe		% na Soláthairtí Iomlána		% na Soláthairtí Leachtacha		Soláthairtí Leachtacha % Iomlán na Soláthairtí	
Lítear	líon		m lítear		m lítear		m lítear		'000 lítear									
	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12
<50,000	95	83	1.8	1.3	1.1	0.8	0.7	0.5	11	9	5	4	0	0	0	0	64	62
50,000-99,999	78	87	5.7	6.3	3.4	3.4	2.3	2.9	43	39	4	4	1	1	1	1	60	54
100,000-149,999	86	99	10.4	12.0	5.1	5.9	5.3	6.1	59	59	6	5	1	2	1	2	50	49
150,000-199,999	132	124	22.9	21.7	12.1	11.4	10.8	10.3	91	92	7	6	3	3	3	3	53	53
200,000-249,999	148	156	33.4	35.2	18.7	17.8	14.7	17.4	126	114	8	8	4	4	4	4	56	51
250,000-299,999	167	167	46.1	46.0	22.8	20.9	23.3	25.1	136	125	9	9	5	6	5	5	49	45
300,000-349,999	178	210	57.7	67.9	28.4	32.1	29.3	35.8	159	153	9	11	7	8	6	7	49	47
350,000-399,999	155	190	58.1	71.4	29.8	35.0	28.3	36.4	192	184	8	10	7	8	7	8	51	49
400,000-449,999	146	126	61.9	53.4	31.9	25.2	30.0	28.2	218	200	8	7	7	6	7	6	52	47
450,000-499,999	117	115	55.8	54.5	28.0	27.6	27.8	26.9	239	240	6	6	7	7	6	6	50	51
500,000-599,999	154	171	84.3	93.0	44.8	46.7	39.5	46.3	291	273	8	9	10	11	10	11	53	50
600,000-699,999	122	132	78.3	85.4	42.8	41.1	35.5	44.3	350	311	6	7	10	10	9	9	55	48
Breis is 700,000	305	276	313.9	281.3	186.2	167.1	127.7	114.2	610	605	16	14	38	34	41	38	59	59
Iomlán	1,883	1,936	830.3	829.4	455.1	435.0	375.2	394.4	241	225	100	100	100	100	100	100	55	52

Foinse: An GNB.

Tá athrú déanta ar na figiúirí chun slánú a chur san áireamh.

AGUISÍN 4STRUCHTÚR SHOLÁTHAIRTÍ BAINNE NA DTÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE

TÁBLA B – STRUCHTÚR NA SOLÁTHAIRTÍ BAINNE BAILE AGUS SOLÁTHAIRTÍ BAINNE LEACHTAIGH AGUS IAD AICMITHE DE RÉIR BANDAÍ SOLÁTHAIR CUÓTA BLIANTÚLA 2012/13 AGUS 2011/12

	Táirgeoirí										Cuótaí/Soláthairtí Bainne									
Bandaí Bliantúla Soláthair	Gach Táirgeoir Gníomhach		Táirgeoirí Cláraithe		Na Táirgeoirí Go Léir		Táirgeoirí Cláraithe		Táirgeoirí Cláraithe mar Gach Táirgeoir		Cuótaí Bainne Baile		Soláthairtí na dTáirgeoirí Cláraithe		% Chuótaí Baile na dTáirgeoirí go Léir		% Sholáthairtí na dTáirgeoirí Cláraithe		Soláthairtí % na dTáirgeoirí Cláraithe de Sholáthairtí Baile	
	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12	2012/13	2011/12
Lítear	**Líon**		**Líon**		**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	**ml**	**ml**	**ml**	**ml**	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**	**%**
<50,000	440	438	95	83	2	2	5	4	22	19	15	15	1.8	1.3	0	1	0	0	12	9
50,000-100,000	1,206	1,344	78	87	7	7	4	4	6	6	97	108	5.7	6.3	2	2	1	1	6	6
100,001-200,000	4,190	4,343	218	223	24	25	13	12	5	5	652	683	33.3	33.7	12	13	4	4	5	5
200,001-250,000	2,676	2,742	148	156	15	15	8	8	6	6	604	624	33.4	35.2	11	12	4	4	6	6
250,001-300,000	2,389	2,388	167	167	13	13	9	9	7	7	660	658	46.1	46.0	12	12	5	6	7	7
300,001-350,000	1,831	1,864	178	210	10	10	9	10	10	11	594	606	57.7	67.9	11	11	7	8	10	11
350,001-400,000	1,407	1,442	155	190	8	8	8	10	11	13	526	539	58.1	71.4	9	10	7	9	11	13
400,001-450,000	983	944	146	126	5	5	8	7	15	13	418	401	61.9	53.4	8	7	7	6	15	13
Breis is 450,000	2,863	2,633	698	694	16	15	36	36	24	26	1,886	1,728	532.3	513.8	35	32	65	62	28	30
Iomlán	17,985	18,138	1,883	1,936	100	100	100	100	10	11	5,452	5,362	830.3	829.0	100	100	100	100	15	15

Foinsí: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara – Blianta bainne 2011/12 agus 2012/13 san AE, dar chríoch 31 Márta 2012 agus 2013 faoi seach.
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne – Blianta bainne 2011/12 agus 2012/13 dar chríoch 30 Meán Fómhair 2012 agus 2013 faoi seach.



AGUISÍN 5

Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2013

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA GCOMHALTAÍ

Cuireann Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994, ceangal ar na comhaltaí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach tréimhse airgeadais, ina dtugtar léargas ceart agus cóir ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne agus ar bharrachas nó easnamh na Gníomhaireachta sa tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, ní mór do na comhaltaí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ghníomhaireacht ar aghaidh mar ghnó.

I gcomhréir leis an Acht, tá freagracht ar na comhaltaí leabhair chearta chuntais a choinneáil, in éineacht le leabhair agus cuntais eile de réir mar atá riachtanach, ar mhaithe le léargas fíor agus cóir a thabhairt ar ghnó agus gnóthaí na Gníomhaireachta. Tá na comhaltaí freagrach chomh maith as sócmhainní na Gníomhaireachta a chosaint, agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun cosaint imleor a chur ar fáil ina leith seo dá bharr.

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH

DO CHOMHALTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA NÁISIÚNTA BAINNE

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013, rudaí a chuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí bainteacha 1 go dtí 9. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus atá fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn).

Tá an tuarascáil seo déanta do chomhaltaí na Gníomhaireachta amháin mar chomhlacht, i gcomhréir le hAlt 18(1) den Acht (Soláthar a Rialáil) Bainne,1994. Tá ár n-obair iniúchóireachta déanta againn ionas gur féidir linn na nithe is gá dúinn a insint do chomhaltaí na Gníomhaireachta a insint dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus gan cuspóir ar bith eile a bheith i gceist. Chomh fada is tá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht do dhream ar bith seachas an Ghníomhaireacht agus comhaltaí na Gníomhaireachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá meáite againn.

Freagrachtaí na gcomhaltaí agus na n-iniúchóirí faoi seach

Mar a míníodh ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí, tá na comhaltaí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, agus as léargas ceart agus cóir a thabhairt iontu. Is é an fhreagracht atá orainn ná iniúchóireacht a dhéanamh agus tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais i gcomhréir le dlí na hÉireann agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (An RA agus Éire). Tugann na caighdeáin sin orainn cloí le Caighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

Scóip an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Cuimsíonn iniúchadh fáil fianaise faoi na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais ar leor í chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé ann mar gheall ar chalaois nó earráid. Cuimsíonn sé seo measúnú ar na nithe seo a leanas: cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta cuí do chúinsí na cuideachta agus curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go dóthanach; réasúnacht na meastachán suntasach cuntasaíochta atá déanta ag na stiúrthóirí; agus léiriú foriomlán na ráiteas airgeadais. Anuas air sin, léamar an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais go léir sna Tuarascálacha agus sna Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013, ar mhaithe le neamhréireanna ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint, agus chun eolas ar bith a bhfuil an chuma air go bhfuil sé mícheart go hábhartha i bhfianaise, nó neamhréireach go hábhartha leis an eolas atá faighte againn le linn dúinn an t-iniúchadh a dhéanamh a aithint. Má thugaimid faoi deara go bhfuil ráitis nó neamhréireanna dealraitheacha ábhartha ar bith i gceist, déanaimid machnamh ar na himpleachtaí dár dtuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é ár dtuairim go bhfuil léargas ceart agus cóir sna ráitis airgeadais, i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta amhail ar 31 Nollaig 2013, agus ar easnamh na bliana a chríochnaigh ansin.

Deloitte & Touche
Gnólacht Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóireachta Reachtúla
Baile Átha Cliath

26 Márta 2014

AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2013

		2013	2012
	Nótaí	**€**	€
IONCAM			
An tobhach bainne – oibríochtaí leanúnacha	*2*	**515,062**	605,182
Ús taisce		**13,726**	20,851
		528,788	626,033
CAITEACHAS			
Tuarastail agus aoisliúntas	*9*	**357,591**	367,289
Costais riaracháin	*3*	**178,723**	182,681
Dímheas		**2,281**	1,934
		538,595	551,904
(Easnamh)/barrachas na bliana	*8*	**(9,807)**	74,129

Tagann easnamh na bliana ó oibríochtaí leanúnacha amháin. Níl aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta i gceist seachas an méid atá nochta sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Bhí na ráitis airgeadais faofa ag na Comhaltaí ar 26 Márta 2014.

Donncha Ó Murchú
Cathaoirleach

Seán Foster
Comhalta

AN CLÁR COMHARDAITHE

AMHAIL AR 31 NOLLAIG 2013

	Nótaí	2013 €	2012 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní inláimhsithe	*5*	**5,351**	4,294
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	*6*	**103,313**	134,265
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		**1,029,744**	1,053,797
		1,133,057	1,188,062
CREIDIÚNAITHE (Méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin)	*7*	**(74,132)**	(118,273)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		**1,058,925**	1,069,789
GLANSÓCMHAINNÍ		**1,064,276**	1,074,083
ARNA MHAOINIÚ AG:			
Ciste carntha	*8*	**1,064,276**	1,074,083

Bhí na ráitis airgeadais faofa ag na Comhaltaí ar 26 Márta 2014

Donncha Ó Murchú
Cathaoirleach

Seán Foster
Comhalta

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID AGUS NÓTAÍ GAOLMHARA

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2013

	2013	2012
	€	€
GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN		
(Glan-eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin (Nóta (a))	**(34,441)**	104,607
Torthaí ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais		
Ús faighte	**13,726**	20,851
Caiteachas caipitil		
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	**(3,338)**	(3,412)
(Laghdú)/méadú ar airgead tirim sa bhanc agus ar láimh (Nóta (b))	**(24,053)**	122,046

RÉITEACH AN RÁITIS AR SHREABHADH AIRGID LEIS AN NGLUAISEACHT SNA GLANCHISTÍ

	2013	2012
	€	€
(Laghdú)/méadú ar airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	**(24,053)**	122,046
Gluaiseacht sna gnáthchistí i rith na bliana	**(24,053)**	122,046
Glanchistí ag tús na bliana	**1,053,797**	931,751
Glanchistí ag deireadh na bliana (féach Nóta (b))	**1,029,744**	1,053,797

Nóta (a)

Réiteach an (easnaimh)/bharrachais oibriúcháin leis an nglan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2013	2012
	€	€
(Easnamh)/barrachas na bliana	**(9,807)**	74,129
Dímheas	**2,281**	1,934
Laghdú/(méadú) ar líon na bhféichiúnaithe	**30,952**	(21,858)
Laghdú/(méadú) ar líon na gcreidiúnaithe	**(44,141)**	71,253
Glan-ús a fuarthas	**(13,726)**	(20,851)
	(34,441)	104,607

Nóta (b)

	Ar 1 Eanáir 2013	Sruthanna airgid	**Ar 31 Nollaig 2013**
	€	€	**€**
Anailís ar athruithe ar ghlanchistí			
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	80,432	(20,108)	**60,324**
Taiscí airgid thirim	973,365	(3,945)	**969,420**
Glanchistí	1,053,797	(24,053)	**1,029,744**

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2013

1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Coinbhinsiún cuntasaíochta
Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiúin an chostais stairiúil.

Dímheas
Ríomhtar dímheas chun costas na sócmhainní inláimhsithe seasta a dhíscríobh i rith a saoil mheasta úsáidigh, mar seo a leanas:

Troscán	10 mbliana
Trealamh oifige	5 bliana
Trealamh ríomhaireachta	3 bliana

2. AN TOBHACH BAINNE

Tá tobhach 0.115 cent in aghaidh an lítir bhainne a cheannaítear le bheith próiseáilte le haghaidh úsáid leachtach iníoctha ag na próiseálaithe bainne faoi Alt 8 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994. Laghdaíodh an tobhach seo ó 0.145 cent in aghaidh an lítir bhainne ó 1 Aibreán 2013.

Tá an tobhach bainne infhaighte atá san áireamh sna ráitis airgeadais bunaithe ar thuairisceáin a fuarthas ó phróiseálaithe nó a soláthairtí measta bainne, nuair nach bhfuil tuairisceáin faighte uathu.

3. COSTAIS RIARACHÁIN

	2013	2012
	€	€
Costais foirne	**30,446**	33,514
Costais na gcomhaltaí	**22,900**	21,220
Luach saothair an Chathaoirligh	**8,978**	8,980
Páipéarachas	**2,245**	2,746
An tuarascáil bhliantúil	**14,189**	17,922
Teileafón	**7,642**	8,719
Postas	**3,677**	3,451
Toghchán táirgeoirí	**–**	5,903
Foilseacháin	**1,958**	1,536
Táillí dlí	**13,741**	12,840
Táillí comhairleachta	**9,179**	7,653
Táillí iniúchóireachta	**3,992**	4,031
Cíos agus rátaí	**33,652**	27,346
Árachas	**4,465**	4,140
Táillí cuntasaíochta agus gairmiúla	**5,680**	5,344
Deisiúcháin agus athnuachan	**4,557**	3,401
Rudaí Ilghnéitheacha	**11,422**	13,935
	178,723	182,681

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2013 (AR LEANÚINT)

4. CÁNACHAS

Tá an Ghníomhaireacht san áireamh mar chomhlacht díolmhaithe faoi Ordú um an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Leasú Sceideal 4), 2002, cás atá i gceist ó 30 Nollaig 1994. Ach faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, níl ús taisce a bhaineann le comhlachtaí sainithe neamhthráchtála státurraithe, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne san áireamh, i dteideal a bheith díolmhaithe ó cháin choinneála ús taisce. Léirítear ús taisce mar ghlanmhéid de cháin choinneála ús taisce €6,784 (2012: €9,054).

5. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE SEASTA

	Troscán	Trealamh oifige	Trealamh ríomhaireachta	Iomlán
	€	€	€	€
Costas:				
Ar 1 Eanáir 2013	12,658	23,711	72,163	108,532
Breiseanna	–	–	3,338	3,338
Ar 31 Nollaig 2013	**12,658**	**23,711**	**75,501**	**111,870**
Dímheas:				
Ar 1 Eanáir 2013	12,658	21,270	70,310	104,238
Gearrtha sa bhliain	–	716	1,565	2,281
Ar 31 Nollaig 2013	**12,658**	**21,986**	**71,875**	**106,519**
Glanmhéideanna na leabhar:				
Ar 31 Nollaig 2013	**–**	**1,725**	**3,626**	**5,351**
Ar 31 Nollaig 2012	–	2,441	1,853	4,294

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2013 (AR LEANÚINT)

6. FÉICHIÚNAITHE

(Méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin)	**2013**	2012
	€	€
Tobhach bainne infhaighte	**87,736**	125,077
Réamhíocaíochtaí	**8,747**	1,934
Féichiúnaithe eile	**6,830**	7,254
	103,313	134,265

7. CREIDIÚNAITHE

(Méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin)	**2013**	2012
	€	€
Ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra	**34,237**	84,222
Fabhrú agus creidiúnaithe eile	**31,991**	27,524
ÍMAT/ÁSPC/MSU	**7,904**	6,527
	74,132	118,273

8. RÉITEACH NA GLUAISEACHTA SA CHISTE CARNTHA

	2013	2012
	€	€
Barrachas carntha tugtha ar aghaidh	**1,074,083**	999,954
(Easnamh)/barrachas na bliana	**(9,807)**	74,129
Ciste carntha tugtha ar aghaidh	**1,064,276**	1,074,083

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2013 (AR LEANÚINT)

9. SCÉIM AOISLIÚNTAIS FHOIREANN NA GNÍOMHAIREACHTA NÁISIÚNTA BAINNE, 2010

	2013	2012
	€	€
Tuarastail	**280,773**	283,067
Ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra	**76,818**	84,222
	357,591	367,289

D'fhaomh an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia Scéim Aoisliúntais Fhoireann na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne, 2010, le toiliú an Aire Airgeadais ar 30 Samhain 2010. Tá an Scéim leagtha amach in I.R. Uimh. 588 de 2010.

Tá soláthar déanta ag an nGníomhaireacht ar bhonn comhairle achtúirí do ranníocaíocht bhliantúil fostóra do phinsin ar luach 15.5% de na tuarastail chomhlána ó 1995. Tá soláthar breise déanta sa bhliain reatha chun ranníocaíochtaí bliantúla an fhostóra a mhéadú go $16^{2}/_{3}$%, le héifeacht ó Mhárta 2003.

Dheimhnigh an Roinn Airgeadais don Ghníomhaireacht i Márta 2003, faoi réir íocaíocht gach ranníocaíocht fostóra/fostaí a bailíodh go dtí seo agus a bhaileofar amach anseo ag an nGníomhaireacht leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia (trí Leithreasaí i gCabhair), go n-íocfaidh an Státchiste as an gcostas a bhaineann le gach sochar aoisliúntais a íoc le, agus maidir le fostaithe inphinsin na Gníomhaireachta (an POF san áireamh). Dheimhnigh an Roinn Airgeadais nach sáródh ráta na ranníocaíochta fostóra $16^{2}/_{3}$%. Dheimhnigh an Roinn Talmhaíochta agus Bia chomh maith, faoi réir íocaíocht gach ranníocaíocht fostóra/fostaí a bailíodh go dtí seo agus a bhaileofar amach anseo ag an nGníomhaireacht leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, go n-íocfaidh an Roinn as teidlíochtaí aoisliúntais bhaill na Scéime beartaithe maidir lena mballraíocht sa Scéim sin, agus as Scéim Pinsean iar-Bhord Bainne Cheantar Bhaile Átha Cliath chomh maith.

I bhFeabhra 2014, chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in iúl don Ghníomhaireacht go bhféadfadh méadú teacht ar rátaí ranníocaíochta fostóra na Gníomhaireachta, agus é i bhfeidhm ó 3 Deireadh Fómhair 2005. Dá gcuirfí an méadú beartaithe ar rátaí ranníocaíochta i bhfeidhm go siarghabhálach, bheadh dliteanas féideartha thart ar €241,000 i gceist. Beidh an Ghníomhaireacht ag athbhreithniú iomchuibheas agus dliteanas, más ann dóibh, na Gníomhaireachta, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, maidir le méadú féideartha ar rátaí ranníocaíochta fostóra na Gníomhaireachta ó 3 Deireadh Fómhair 2005.

Tá gá le forfheidhmiú iomlán Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 ("CTA 17") i gcás tréimhsí cuntasaíochta a thosaigh/thosaíonn ar nó tar éis 1 Eanáir 2005. I gcásanna áirithe, ceadaíonn CTA 17 cuntas a dhéanamh ar scéimeanna sochair shainithe amhail is gur scéimeanna ranníocaíochta sainithe iad, gan aon ghá le cuntas a bheith déanta ar luach cóir shócmhainní agus dhliteanais na scéime ná dliteanais na scéime a nochtadh.

Dá réir sin, measann an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne nach bhfuil gá le nochtadh faoi CTA 17, ós rud é go mbeidh an éifeacht chéanna airgeadais ag baint leis an socrú seo is atá le scéim ranníocaíochta sainithe.

AGUISÍN 6 COMHLÍONADH/FORFHEIDHMIÚ

Géilliúlacht

Tá an Ghníomhaireacht tar éis cloí go hiomlán le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá an Ghníomhaireacht tar éis cloí le riachtanais an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, maidir le gach sonrasc a íoc taobh istigh de 30 lá ó fháil an tsonraisc. Rinne an Ghníomhaireacht 151 íocaíocht i rith 2013, agus íocadh iad go léir taobh istigh de 15 lá.

Bíonn an Ghníomhaireacht ag tuairisciú go bliantúil ar na gníomhartha atá déanta aici le laghdú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh de réir mar is gá faoi I.R. 542 de 2009.

Tá an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne tiomanta do gach iarracht indéanta a dhéanamh chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Cuimsíodh úsáid leictreachais na Gníomhaireachta ina costas cíosa in 2013 agus ní dhearnadh méadrú ar leith air taobh amuigh d'úsáid an phríomhbhloic oifigí ina bhfuil oifig na Gníomhaireachta suite. Bhain an úsáid seo le téamh, aerchóiriú, soilsiú agus trealamh oifige. Níor soláthraíodh aon bhreosla eile don áitreabh agus níl aon fhoinse fuinnimh in-athnuaite ar an suíomh.

Oibreoidh an Ghníomhaireacht le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) i rith 2014 chun deiseanna coigilte fuinnimh san áitreabh a aithint.

AGUISÍN 7REACHTANNA AGUS IONSTRAIMÍ REACHTÚLA A BHAINEANN LEIS AN NGNÍOMHAIREACHT

Reachtanna

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Leasú), 1995

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Leasú), 1996

Na Rialacháin faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, (Comhlachtaí Forordaithe) (Uimh. 2), 2002

Ionstraimí Reachtúla

I.R. Uimh. 409 de 1994 – An tOrdú Bainne (Soláthar a Rialáil) (Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne a Bhunú), 1994

I.R. Uimh. 460 de 1994 – Ordú na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 1994

I.R. Uimh. 234 de 1995 – Rialachán um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Comhaltaí), 1995

I.R. Uimh. 252 de 1995 – Ordú faoi Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994 (Alt 5) (Tosach Feidhme), 1995

I.R. Uimh. 253 de 1995 – An tOrdú Bainne (Soláthar a Rialáil) (Tobhach), 1995

I.R. Uimh. 254 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Míonna Geimhridh), 1995

I.R. Uimh. 309 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Cúlghairm Lá Toghcháin), 1995

I.R. Uimh. 347 de 1995 – Na Rialacháin Bainne (Soláthar a Rialáil) (Tuairisceáin Tobhaigh), 1995

I.R. Uimh. 348 de 1995 – Na Rialacháin Bainne (Soláthar a Rialáil) (Iarratas ar Chlárú), 1995

I.R. Uimh. 265 de 1996 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Táillí), 1996

I.R. Uimh. 184 de 1997 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 1997

I.R. Uimh. 185 de 1997 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh), 1997

I.R. Uimh. 271 de 2000 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2000

I.R. Uimh. 272 de 2000 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2000

I.R. Uimh. 368 de 2003 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2003

I.R. Uimh. 369 de 2003 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2003

I.R. Uimh. 471 de 2006 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2006

I.R. Uimh. 472 de 2006 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2006

I.R. Uimh. 371 de 2009 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2009

I.R. Uimh. 472 de 2009 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2009

I.R. Uimh. 588 de 2010 – Scéim Aoisliúntais Foirne na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne, 2010

I.R. Uimh. 450 de 2012 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2012

I.R. Uimh. 451 de 2012 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2012

NATIONAL MILK AGENCY

Teach IPC,
35-39 Bóthar Shíol Bhroin,
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath 4.

Teil: 01 6603396
Facs: 01 6603389
Ríomhphost: natmilk@eircom.net
Gréasán: www.nationalmilkagency.ie